**Luch na Tuaithe agus Luch na Cathrach**

Bhí luch ag maireachtaint go breá di fhéin fé stumpa do chrann. An lá seo [so] ach go háirithe, ghlan sí suas a tigh go gasta néata mar go raibh a cara luch na cathrach ag teacht ar a tuairisc.

D'ullmhaigh sí béile breá deas comónta, cúpla cnó, cúpla caor agus gráinne deas coirce. Shuigh sí síos di fhéin ag cogaint agus ag baint sásamh as an gciúnas agus súp go cluasa uirthi.

Ní fada ná go dtáinig a cara agus í gléasta i síodaí agus róbaí, hata aoibhinn dearg, scairf fhada buí agus cad é práisléidí agus fáinní, an faisean is déanaí a dhalta, an dtuigeann tú.

Cé go raibh ana-chion aici ar a cara luch na cathrach, cheap sí go raibh sí ábhairín ardnósach inti féin [fhéin] ach beatha dhuine a thoil.

Siúd leo isteach sa pholl agus dúirt luch na tuaithe gur thúisce deoch ná scéal agus thug braon beag uachtair dá cara. Ach mo léan chuir luch na cathrach smuilc uirthi féin agus dúirt sí go raibh uachtar olc don gcroí. A leithéid do ráiméis!



Shuíodar chun boird ach go háirithe agus mar a raibh seanabhlas ag luch na cathrach ar an mbéile a bhí roimpi, ní lá fós é. Chuir sí a caincín san aer agus dúirt sí nach raibh aon ocras uirthi agus go mbeadh chomh maith ag luch na tuaithe an ciúnas a dh'fhágaint ar feadh tamaill agus teacht ina *tenant* chun na cathrach. Bhí leisce agus doicheall ar an luch bhocht ach bhuail sí bos agus *away* leo.

Iontas na n-iontas, an glór, an fuirse agus na héinne (gach éinne) ag dul trasna ar a chéile.

Bhí sceimhle i gcroí luch na tuaithe. Bhí sí ag feiscint a scáth ins na haon (gach aon) chúinne a chas sí, agus bhí sé déanta amach aici ná raibh meas dá laghad ar a cara sa tigh seo, go mór mhór nuair a chonaic sí go raibh cat mór dubh á shearradh fhéin sa chistin agus é ann d'aonghnó glan.

An Cúntóir Teanga
www.ancuntoir.ie

I lár na hoíche thugadar cuairt ar sheomra an bhídh. Bhí na haon saghas císte ansúd ós a gcomhair amach. Thosnaíodar ag ithe agus ó, an blas breá! Ach más ea cé a rith isteach ach an cat mór dubh agus thug fúthu.

Ritheadar lena n-anam agus is ar éigean a bhaineadar an poll amach. Bhí pian ina mbolg acu ag na cístí milse go léir. Bhí luch na tuaithe ag fáilt saghas eaglach agus dúirt sí lena cara ná raibh aon chuimhneamh fén spéir aici féin oíche eile a thabhairt fé dhíon amháin lena namhaid, agus chomh maith leis sin ná raibh an bia folláin, go raibh tinneas boilg uirthi.

Leis sin d'fháisc sí a cara lena croí agus as go brách léi go dtí a tigín fhéin fén dtuath agus mar a chaith sí an chuid eile dá saol go breá di féin.